Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 14 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9549/21**

**DEVGEN 118**
**ACP 55**
**RELEX 521**
**FIN 428**
**OCDE 13**
**SUSTDEV 74**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Meitheamh 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9379/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2021 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach um Fhorbairt<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 14 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2021 chuig an gComhairle Eorpach maidir le spriocanna an Aontais i réimse na cabhrach um fhorbairt, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3802ú cruinniú a tionóladh an 14 Meitheamh 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Bhliantúil 2021 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach um Fhorbairt**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. An 17 Meitheamh 2010, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile maidir le gealltanais agus comhlíonadh an Aontais agus na mBallstát i leith cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA)[1]. Seo an t-aonú tuarascáil bhliantúil déag dá cineál a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Is díol sásaimh don Chomhairle an anailís a rinne an Coimisiún ar threochtaí i ndáil le gealltanais chomhchoiteanna agus aonair an Aontais i dtaca le ODA, bunaithe ar réamhaisnéis ó OECD/DAC maidir le ODA don bhliain 2020[2].

2. Meabhraítear don Chomhairle an gealltanas a thug an tAontas agus na Ballstáit maidir le gach sreabhadh airgeadais a úsáid go héifeachtach mar aon le modhanna cur chun feidhme neamhairgeadais, agus gníomhaíocht intíre á cur i dtábhacht mar aon le beartais fhónta chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, i gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa 2015. Daingníonn an Chomhairle gealltanas an Aontais agus a Bhallstáit, idir chomhchoiteann agus aonair, maidir le maoiniú na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA), mar a leagtar amach é sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt[3] agus i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

3. I dtimpeallacht mhaoiniúcháin atá ag éirí níos casta, is gné thábhachtach chatalaíoch é ODA a bhfuil ról lárnach i gcónaí aige sa mhaoiniú foriomlán atá ar fáil chun cabhrú leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Is féidir le ODA a bheith ina chabhair chun foinsí eile maoiniúcháin a ghiaráil, go háirithe maoiniú intíre poiblí agus infheistíocht inbhuanaithe san earnáil phríobháideach, chomh maith le modhanna eile cur chun feidhme, amhail tacú leis an eolaíocht, an teicneolaíocht, an nuálaíocht agus an digiteáil.

4. Is foinse mhór airgeadais i gcónaí é ODA domhanda do na tíortha is boichte, go háirithe na tíortha is lú forbairt (TLFanna) agus na tíortha is mó atá i ngátar, lena n-áirítear tíortha i ndálaí leochaileacha nó coinbhleachta, agus tíortha atá buailte ag leochaileachtaí a bhaineann le cúrsaí aeráide, tíortha nach bhfuil an acmhainneacht intíre acu teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile.

---

1 Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na ngealltanas maidir le ODA.

2 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_21_1701

3 2017/C 210/01: Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach

5. Agus an méid thuas á thabhairt ar aird, is mian leis an gComhairle na gnéithe a leanas a thuairisciú don Chomhairle Eorpach:

a) In 2020, shroich ODA[4] comhchoiteann an Aontais[5] EUR 66.8 billiún[6], suas ó EUR 57.9 billiún[7] de thíortha comhchoiteanna an Aontais, cé is moite den Ríocht Aontaithe, in 2019[8]. An méadú ainmniúil 15 % sin, ba thoradh, cuid mhaith, é, ar iarrachtaí an Aontais agus a Bhallstát, mar chuid de chur chuige Fhoireann na hEorpa a dtacaíocht do thíortha i mbéal forbartha a mhéadú mar fhreagairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19.

b) Choimeád an tAontas agus a 27 mBallstát a seasamh mar an soláthróir ODA is mó ar domhan (féach Figiúr 1), ós iad a thugann 46.2 % den ODA iomlán[9] agus dhaingnigh siad a gceannaireacht sa chlár oibre domhanda maidir le forbairt inbhuanaithe.

---

4 Is ionann ODA comhchoiteann an Aontais agus suim ODA ó Bhallstáit an Aontais agus an chuid de ODA a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil nach bhfuil inleagtha ar Bhallstáit ná ar an Ríocht Aontaithe. Tromlach chaiteachas institiúidí an Aontais ar ODA, inleagtar ar Bhallstáit an Aontais é, i.e. áirítear cuid de chaiteachas na n-institiúidí ar shonraí na mBallstát. Ní inleagtar cúnamh oifigiúil um fhorbairt a chuirtear ar fáil trí acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (EIB) féin ar na Ballstáit agus tá sé sa bhreis ar cúnamh oifigiúil um fhorbairt na mBallstát.

5 Níl an Ríocht Aontaithe san áireamh i dtíortha comhchoiteanna an Aontais do 2020 i bhfianaise a tarraingt siar ón Aontas Eorpach a bheith ag teacht i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. Tá an Ríocht Aontaithe san áireamh i dtíortha comhchoiteann an Aontais do 2019 agus do na blianta roimhe sin, ach amháin má shonraítear a mhalairt.

6 Ar bhonn coibhéis deontas, arb í an mhodheolaíocht nua chun luach ODA iasachtaí lamháltais a ríomh, a cuireadh i bhfeidhm den chéad uair in 2019 ar shonraí 2018 maidir le hiasachtaí oifigiúla agus iasachtaí chuig institiúidí iltaobhacha, ag tosú le sonraí 2020 freisin maidir le faoiseamh fiachais. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an modheolaíocht choibhéiseach deontas nua agus ar an modheolaíocht a úsáideadh san am a caitheamh ag baint úsáid as bonn sreabhadh airgid, féach anseo: Réamhfhigiúirí ar Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt 2020 (europa.eu).

7 I dtéarmaí ainmniúla.

8 Mar thagairt, b'ionann ODA comhchoiteann an Aontais agus EUR 75.2 billiún in 2019.

9 Sainmhínítear ODA iomlán anseo mar ODA a chuireann tíortha comhchoiteanna an Aontais agus deontóirí uile eile DAC ar fáil san áireamh. In 2019, b'ionann an tAontas agus a Bhallstáit, cé is moite den Ríocht Aontaithe, agus 42.8 % de ODA domhanda, agus b'ionann an tAontas agus a Bhallstáit go léir agus 55.6 % de ODA domhanda in 2019.

c) B'ionann ODA comhchoiteann an Aontais agus 0.50 % d'ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais; méadú mór ar an gcóimheas 0.41 % de thíortha comhchoiteanna an Aontais, cé is moite den Ríocht Aontaithe, in 2019[10] ach tá sé fós cuid mhaith níos airde ná an meán do chomhaltaí DAC nach Ballstát den Aontas Eorpach iad, a sheas ag 0.25 % OIN in 2020 (féach Figiúr 2).

d) Sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais an tairseach 0.7 % ODA/OIN (féach Figiúr 3 agus Tábla 1). D'ardaigh cóimheas ODA/OIN i 15 Bhallstát de chuid an Aontais, d'fhan sé mar a bhí sé[11] i 10 mBallstát , agus thit sé in 2 Bhallstát.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an méadú suntasach atá tagtha ar ODA/OIN comhchoiteann an Aontais in 2020 i gcomparáid le tíortha comhchoiteanna an Aontais, cé is moite den Ríocht Aontaithe, ODA/OIN ó 2019, atá thar a bheith suntasach i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, na ndúshlán agus na mbrúnna airgeadais nach bhfacthas a leithéid cheana, agus dul chun cinn á dhéanamh chun an sprioc chomhchoiteann a bhaint amach, is é sin 0.7 % de OIN a chur ar fáil mar ODA. Sa chomhthéacs sin, is iad an tAontas agus na Ballstáit na soláthraithe is mó ODA a bhaineann le COVID-19: Chuir tíortha DAC-AE EUR 4.4 billiún ar fáil, as EUR 10.5 billiún ó gach tír DAC in 2020 i nglansreabha. Chuir an tAontas EUR 8 mbilliún ODA a bhaineann le COVID-19 ar fáil.

7. Is mór an chúis imní don Chomhairle, áfach, an laghdú atá tagtha ar ODA comhchoiteann an Aontais, chuig na tíortha is lú forbairt, cé is moite den Ríocht Aontaithe[12], a d'imigh síos go 0.10 % den OIN in 2019[13], agus is ag méadú atá an imní atá uirthi nach bhfuil a sprioc chomhchoiteann bainte amach fós ag an Aontas 0.15 % - 0.20 % OIN a chur ar fáil do na tíortha is lú forbairt sa ghearrthéarma. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá, mar ábhar práinne, borradh a chur faoi iarrachtaí an sprioc 0.20 % OIN a sholáthar mar ODA do na tíortha is lú forbairt ar bhonn comhchoiteann faoi 2030.

---

10 Is é is cúis leis an méadú idir cóimheas ODA/OIN an Aontais, cé is moite den Ríocht Aontaithe, in 2019 agus cóimheas ODA/OIN de thíortha comhchoiteanna an Aontais in 2020, méadú (15 %) ar ODA comhchoiteann an Aontais chomh maith le laghdú (4.8 %) ar OIN comhchoiteann an Aontais i dtéarmaí ainmniúla, agus tuigtear nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe don bhliain 2019. B'ionann ODA comhchoiteann an Aontais mar sciar de OIN agus 0.46 % in 2019.

11 Tagraíonn an nath 'd'fhan mar a bhí sé' do chóimheasa ODA le OIN ar tháinig athrú is lú ná 0.01 pointe céatadáin orthu.

12 Chun míniú a fháil ar an laghdú comhiomlán do thíortha comhchoiteanna an Aontais agus tíortha comhchoiteanna an Aontais, cé is moite den Ríocht Aontaithe, in 2019, féach anseo: Réamhfhigiúirí ar Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt 2020 (europa.eu).

13 Is é 2019 an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí iomlána ar fáil ina leith. In 2019, b'ionann ODA comhiomlán an Aontais do na tíortha is lú forbairt agus 0.12 %, agus sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, sprioc 0.15 % ODA/OIN do na tíortha is lú forbairt in 2020, féach Tábla 2. Mar thagairt, in 2018, bhí ODA comhiomlán do na tíortha is lú forbairt san Aontas agus a 28 mBallstát, agus an tAontas agus 27 gcinn dá Bhallstáit (cé is moite den Ríocht Aontaithe) cothrom le 0.125 % agus 0.11 % de OIN faoi seach.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá iarrachtaí breise a dhéanamh chun na spriocanna comhchoiteanna agus na spriocanna aonair a bhaint amach agus 0.7 % OIN a sholáthar ar bhonn comhchoiteann mar ODA faoi 2030. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit gníomhaíochtaí nithiúla infhíoraithe d'fhonn a ngealltanais a chur i gcrích, agus leanfaidh sí d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Leanfaidh an Chomhairle de thuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht. Iarrann sí ar an gCoimisiún bearta a chur chun cinn agus tionscnaimh a sheoladh, a mbeidh na Ballstáit páirteach iontu de réir mar is iomchuí.

9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go mbeidh comhar um fhorbairt an Aontais agus a Bhallstát dírithe i gcónaí ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leo agus ar na háiteanna is mó a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith aige, go háirithe i dtíortha is lú forbairt agus i dtíortha leochaileacha nó atá thíos le coinbhleachtaí. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá tacú le hacmhainneachtaí institiúideacha na dtíortha is lú forbairt a neartú, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin a bhaineann leis an acmhainneacht ionsúcháin, i measc dúshláin eile.

10. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht staideanna agus ar dhúshláin shonracha tíortha a théann ó stádas ísealioncaim go stádas meánioncaim. I gcomhréir leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt, glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit páirt i gcomhar um fhorbairt, idirphlé beartais agus comhpháirtíochtaí le tíortha meánioncaim maidir le forbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta, éagothromaíochtaí, earraí poiblí domhanda agus leasanna comhroinnte eile. I gcás tíortha i mbéal forbartha atá céim chun tosaigh i dtreo na forbartha, agus a dteastaíonn níos lú cineálacha lamháltais cúnaimh uathu nó nach dteastaíonn cineálacha lamháltais cúnaimh ar bith uathu, meabhraítear don Chomhairle go bhforbróidh an tAontas agus a Bhallstáit rannpháirtíocht nuálach, lena n-áirítear comhar airgeadais agus níos mó ná sin.

11. Cuireann an Comhairle i dtreis a thábhachtaí atá gach foinse mhaoiniúcháin ar a dtugtar aghaidh i gClár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (poiblí/príobháideach, intíre/idirnáisiúnta) agus leagann sí béim ar thosaíocht na gníomhaíochta intíre, ar thábhacht na mbeartas fónta cumasúcháin, chomh maith le freagrachtaí do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé gach foinse maoiniúcháin a nascadh leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe chun téarnamh glas, digiteach, cuimsitheach, cothrom agus athléimneach a chur chun cinn – i gcomhréir leis an Tionscnamh um an Téarnamh Domhanda, agus cuireann sí chun suntais an gá atá ann ODA agus sreabha eile airgeadais a ailíniú le Comhaontú Pháras.

12. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an comhar um fhorbairt chun cuspóirí idirnáisiúnta aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, agus is díol sásaimh di, i ndáil leis an méid sin, na moltaí a rinne Cruinniú Ardleibhéil DAC i mí na Samhna 2020. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit eisiamh céimnithe na ngníomhaíochtaí uile nach bhfuil ailínithe le Comhaontú Pháras a chur chun cinn ó thuairisciú ODA, agus prionsabail an chomhair éifeachtaigh um fhorbairt á gcur san áireamh san am céanna.

13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le cur chuige 'Foireann na hEorpa', a bunaíodh in 2020 chun tacú le riachtanais ghearrthéarmacha na dtíortha comhpháirtíochta agus le tionchair fhadtéarmacha struchtúracha COVID-19 ar shochaithe agus ar an ngeilleagar de mheon 'atógáil ar bhealach níos fearr agus níos glaise'. Is díol sásaimh don Chomhairle móiminteam chur chuige Fhoireann na hEorpa agus an comhoibriú feabhsaithe Eorpach atá ag cur le hiarrachtaí an Aontais agus na mBallstát maidir le Clársceidealú Comhpháirteach, agus aithníonn sí a thábhachtaí atá rannpháirtíocht fhóinteach na dtíortha comhpháirtíochta sna tionscnaimh sin. Trí chur chuige Fhoireann na hEorpa, rinne an tAontas agus a Bhallstáit, a n-institiúidí airgeadais agus a ngníomhaireachtaí cur chun feidhme, chomh maith leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha a gcuid acmhainní airgeadais a chomhcheangal agus chuir siad EUR 40.5 billiún[14] ar fáil ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh chun cabhrú le tíortha comhpháirtíochta.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do na prionsabail maidir le comhar éifeachtach um fhorbairt a comhaontaíodh i gcomhthéacs Chomhpháirtíocht Domhanda maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach, agus do Chomhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt ós rud é go bhfuil siad ríthábhachtach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le Creataí Náisiúnta Comhtháite Maoiniúcháin agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá leanúint de thacaíocht a thabhairt do Chreataí Náisiúnta Comhtháite Maoiniúcháin mar chur chuige cuimsitheach, comhtháite chun leas a bhaint as maoiniú ó na foinsí uile atá ar fáil chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí leis an obair chomhpháirteach ar leibhéal na dtíortha, idir an tAontas agus a Bhallstáit agus gach geallsealbhóir ábhartha idirnáisiúnta agus náisiúnta a mhéid a bhaineann le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus, go háirithe, lena maoiniú.

---

14 Tá an méid EUR 40.5 billiún bunaithe ar ghealltanais, agus is ionann na figiúirí a luaitear i mír 6 agus eisíocaíochtaí ODA. Chun míniú a fháil ar na difríochtaí idir tuairisciú comhpháirteach Fhoireann na hEorpa ar na figiúirí a bhaineann leis an bhfreagairt ar COVID-19 agus na figiúirí a luaitear i mír 6 bunaithe ar thuairisciú ECFE-DAC, féach anseo: Réamhfhigiúirí ar Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt 2020 (europa.eu)..

16. Is díol sásaimh don Chomhairle an chéad tuairisciú maidir le Tacaíocht Oifigiúil Iomlán le haghaidh na Forbartha Inbhuanaithe (TOSSD). Agus ról ODA á urramú aici, cuireann an Chomhairle i dtreis, mar bheart comhlántach, go bhféadfaidh TOSSD cuidiú le trédhearcacht agus eolas faoi acmhainní a chuireann le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a thomhas ar bhealach níos fearr agus iad a fheabhsú. Má tá TOSSD le hiomlán a acmhainneachta a bhaint amach, ní mór soláthraithe atá ag teacht chun cinn a bheith páirteach agus TOSSD a bheith daingnithe laistigh de na Náisiúin Aontaithe.

IARSCRÍBHINN

**Gealltanais agus Spriocanna ODO reatha an Aontais Eorpaigh**
**(Conclúidí ón gComhairle, an 26 Bealtaine 2015 (9241/15, míreanna 31-33))**

'(…) Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta go comhchoiteann an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach laistigh den tráthchlár a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Athdhearbhaíonn Ballstáit sin an Aontais a bhí ina mBallstáit roimh 2002 go bhfuil siad tiomanta an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach, agus na himthosca buiséadacha á gcur san áireamh, agus tá na Ballstáit a bhain an sprioc sin amach tiomanta an sprioc sin a choimeád nó leibhéal níos airde a bhaint amach; na Ballstáit sin ar Ballstáit iad ó 2002 ar aghaidh, déanfaidh siad a ndícheall ODA/OIN a mhéadú go 0.33 %.

Ba cheart go gcuideodh an pobal idirnáisiúnta le hacmhainní a dhíriú ar na háiteanna sin is mó a bhfuil gá leo iontu, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu. I gcomhthéacs an ghealltanais iomláin maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus ag cloí go hiomlán le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé meáite tacaíocht a thabhairt do na tíortha is lú forbairt. Gabhann an tAontas Eorpach air féin, ar bhonn comhchoiteann, an sprioc 0.15 – 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach, go gearrthéarmach, agus an sprioc 0.20 % OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den tráthchlár a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015.'

**An Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt 'Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí' (Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, an 7 Meitheamh 2017, mír 103.)**


Tá sé geallta ag an Aontas ar bhonn comhchoiteann go ndéanfaidh sé 0.7 % den Ollioncam Náisiúnta (OIN) a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Ionas go ndíreofar acmhainní ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leo, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu, geallann an tAontas go mbainfidh sé amach ar bhonn comhchoiteann an sprioc go gcuirfear 0.15 - 0.20 % ODA/OIN ar fáil do thíortha is lú forbairt, go gearrthéarmach, agus go mbainfidh sé amach an sprioc go gcuirfear 0.20 % ODA/OIN ar fáil laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Aithníonn an tAontas agus a Bhallstáit na dúshláin ar leith a bhíonn le sárú ag na tíortha atá i mbéal forbartha san Afraic. (…) Leanfaidh siad d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun agus cuirfidh siad tuarascáil ar fáil go bliantúil lena gceadófar trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí.

**Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (a d'fhormhuinigh an Comhthionól Ginearálta i rún 69/313 uaidh an 27 Iúil 2015, míreanna 51-52)**

(…) Athdhearbhaíonn soláthraithe ODA a ngealltanais ODA faoi seach, lena n-áirítear an gealltanas a rinne go leor tíortha an sprioc 0.7 % ODA/OIN, agus 0.15 % go 0.20 % ODA/OIN do na tíortha is lú forbairt, a bhaint amach. Is cúis dóchais dúinn na tíortha sin ar éirigh leo a ngealltanas 0.7 % ODA/OIN agus an sprioc 0.15 % go 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach nó a shárú. Tathantaímid ar gach tír eile dlús a chur lena n-iarrachtaí a ODA a mhéadú agus iarrachtaí breise nithiúla a dhéanamh chun spriocanna ODA a bhaint amach. Is díol sásaimh dúinn an cinneadh ón Aontas Eorpach a athdhearbhaíonn a ghealltanas comhchoiteann an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015, agus geallann sé an sprioc 0.15 % go 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann sa ghearrthéarma, agus an sprioc 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den tráthchlár a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Tathantaímid ar sholáthraithe ODA machnamh a dhéanamh ar sprioc a leagan síos ar a laghad 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do thíortha is lú forbairt.

Aithnímid a thábhachtaí atá sé na hacmhainní lamháltais a dhíriú orthu siúd is mó atá i ngátar agus is lú atá in ann acmhainní eile a shlógadh. Ina leith sin tugaimid dár n-aire, agus is cúis mhór imní dúinn é, an laghdú i sciar ODA do na tíortha is lú forbairt agus geallaimid an laghdú sin a chur ina cheart. Is díol spreagtha dúinn na tíortha sin a leithdháileann ar a laghad 50 % dá ODA ar na tíortha is lú forbairt.


Figiúr 1 – ODA comhchoiteann an Aontais i gcomparáid le soláthraithe DAC nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad in 2020 (mar choibhéis deontais)




NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2020.


NB: Níl an Ríocht Aontaithe san áireamh i gComhthionól an Aontais i bhfianaise a tarraingt siar ón Aontas Eorpach a bheith ag teacht i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

Figiúr 2 – ODA comhchoiteann an Aontais mar % OIN i gcomparáid le soláthraithe DAC nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad thar thréimhse ama (ar bhonn sreabhadh suas go 2017 agus i gcoibhéis deontais ó 2018 ar aghaidh)




NB: I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh i bhfigiúirí ODA comhchoiteann an Aontais sa ghraf seo ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am, agus ní chuirtear san áireamh i gcomhiomlán na ndeontóirí DAC uile nach Ballstáit den Aontas iad ach na tíortha sin a bhí ina gcomhaltaí den DAC ag an am. I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh i bhfigiúirí comhchoiteann an Aontais sa ghraf seo ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am, agus ní chuirtear san áireamh i gcomhiomlán na ndeontóirí DAC uile nach Ballstáit den Aontas iad ach na tíortha sin a bhí ina gcomhaltaí den DAC ag an am. Go háirithe, áirítear an Ríocht Aontaithe i dtíortha comhchoiteanna an Aontais go dtí 2019 agus an bhliain sin san áireamh ach ní áirítear an Ríocht Aontaithe in 2020 toisc gur tharraing sí siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020, agus áirítear an Ríocht Aontaithe i gcomhiomlán deontóirí DAC nach bhfuil san Aontas ó 2020 ar aghaidh.
NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2020.

Figiúr 3 – An bhearna idir leibhéil ODA 2020 agus spriocanna aonair comhaontaithe na 27 mBallstát agus treo an athraithe ó 2019 go 2020 (ar bhonn coibhéis deontais)




NB: Rinneadh na ríomhanna ag baint úsáid as praghsanna reatha. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2020. Ní mheasfar ach dearbh-athruithe 0.01 % ar a laghad mar mhéadú ná laghdú. Cuireadh an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm go comhsheasmhach thar thréimhse ama agus is é is aidhm di nach measfar mion-eagsúlachtaí mar mhéadú ná laghdú. Tá Ballstáit a raibh méadú beag nó laghdú beag iontu i measc na dtíortha a mheastar a bheith cobhsaí.

Tábla 1 – ODA comhchoiteann Bhallstáit an Aontais sa tréimhse 2010-2020

| Member State | 2010 | | 2011 | | 2012 | | 2013 | | 2014 | | 2015 | | 2016 | | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | Change 2019-2020 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | Volume in EUR Million | % of GNI |
| Austria | 912 | 0.32 | 799 | 0.27 | 860 | 0.28 | 882 | 0.27 | 930 | 0.28 | 1,193 | 0.35 | 1,479 | 0.42 | 1,110 | 0.30 | 991 | 0.26 | 1,099 | 0.28 | 1,113 | 0.29 | 14.34 | 0.0184 |
| Belgium | 2,268 | 0.64 | 2,019 | 0.54 | 1,801 | 0.47 | 1,732 | 0.45 | 1,844 | 0.46 | 1,717 | 0.42 | 2,080 | 0.50 | 1,948 | 0.45 | 1,959 | 0.43 | 1,943 | 0.41 | 2,010 | 0.47 | 67.12 | 0.0582 |
| Bulgaria | 31 | 0.09 | 35 | 0.09 | 31 | 0.08 | 37 | 0.10 | 37 | 0.09 | 37 | 0.09 | 61 | 0.13 | 55 | 0.11 | 58 | 0.11 | 58 | 0.10 | 73 | 0.13 | 15.08 | 0.0306 |
| Croatia | | | | | | | 34 | 0.08 | 54 | 0.13 | 46 | 0.09 | 37 | 0.07 | 48 | 0.10 | 67 | 0.13 | 64 | 0.12 | 74 | 0.15 | 9.76 | 0.0334 |
| Cyprus | 39 | 0.23 | 27 | 0.16 | 20 | 0.11 | 15 | 0.10 | 14 | 0.09 | 16 | 0.09 | - | - | - | - | 21 | 0.12 | 18 | 0.09 | 18 | 0.08 | 0.14 | -0.0123 |
| Czech Republic | 172 | 0.13 | 180 | 0.12 | 171 | 0.12 | 159 | 0.11 | 160 | 0.11 | 179 | 0.12 | 235 | 0.14 | 270 | 0.15 | 259 | 0.13 | 276 | 0.13 | 263 | 0.13 | -12.75 | -0.0014 |
| Denmark | 2,168 | 0.91 | 2,108 | 0.85 | 2,095 | 0.83 | 2,205 | 0.85 | 2,264 | 0.86 | 2,313 | 0.85 | 2,142 | 0.75 | 2,172 | 0.74 | 2,195 | 0.72 | 2,281 | 0.72 | 2,324 | 0.73 | 42.95 | 0.0129 |
| Estonia | 14 | 0.10 | 17 | 0.11 | 18 | 0.11 | 23 | 0.13 | 28 | 0.14 | 31 | 0.15 | 39 | 0.19 | 38 | 0.16 | 41 | 0.16 | 43 | 0.16 | 43 | 0.16 | -0.04 | 0.0017 |
| Finland | 1,006 | 0.55 | 1,011 | 0.53 | 1,027 | 0.53 | 1,081 | 0.54 | 1,232 | 0.59 | 1,161 | 0.55 | 958 | 0.44 | 961 | 0.42 | 834 | 0.36 | 1,010 | 0.42 | 1,119 | 0.47 | 108.63 | 0.0492 |
| France | 9,751 | 0.50 | 9,348 | 0.46 | 9,358 | 0.45 | 8,540 | 0.41 | 8,005 | 0.37 | 8,149 | 0.37 | 8,701 | 0.38 | 10,052 | 0.43 | 10,283 | 0.43 | 10,908 | 0.44 | 12,407 | 0.53 | 1,498.56 | 0.0909 |
| Germany | 9,804 | 0.39 | 10,136 | 0.39 | 10,067 | 0.37 | 10,717 | 0.38 | 12,486 | 0.42 | 16,173 | 0.52 | 22,368 | 0.70 | 22,182 | 0.67 | 21,163 | 0.61 | 21,616 | 0.61 | 24,926 | 0.73 | 3,309.92 | 0.1158 |
| Greece | 383 | 0.17 | 305 | 0.15 | 255 | 0.13 | 180 | 0.10 | 186 | 0.11 | 215 | 0.12 | 333 | 0.19 | 278 | 0.16 | 246 | 0.13 | 329 | 0.18 | 209 | 0.13 | -119.91 | -0.0464 |
| Hungary | 86 | 0.09 | 100 | 0.11 | 92 | 0.10 | 97 | 0.10 | 109 | 0.11 | 140 | 0.13 | 180 | 0.17 | 132 | 0.11 | 241 | 0.21 | 279 | 0.21 | 361 | 0.27 | 82.25 | 0.0542 |
| Ireland | 676 | 0.52 | 657 | 0.51 | 629 | 0.47 | 637 | 0.46 | 615 | 0.38 | 648 | 0.32 | 726 | 0.32 | 743 | 0.32 | 792 | 0.31 | 870 | 0.32 | 853 | 0.31 | -16.62 | -0.0072 |
| Italy | 2,262 | 0.15 | 3,111 | 0.20 | 2,129 | 0.14 | 2,584 | 0.17 | 3,022 | 0.19 | 3,609 | 0.22 | 4,601 | 0.27 | 5,197 | 0.30 | 4,397 | 0.25 | 3,906 | 0.22 | 3,673 | 0.22 | -233.15 | 0.0030 |
| Latvia | 12 | 0.06 | 14 | 0.07 | 16 | 0.07 | 18 | 0.08 | 19 | 0.08 | 21 | 0.09 | 27 | 0.11 | 28 | 0.11 | 29 | 0.10 | 31 | 0.10 | 35 | 0.12 | 4.60 | 0.0180 |
| Lithuania | 28 | 0.10 | 37 | 0.13 | 40 | 0.13 | 38 | 0.11 | 34 | 0.10 | 43 | 0.12 | 52 | 0.14 | 53 | 0.13 | 55 | 0.12 | 60 | 0.13 | 59 | 0.12 | -1.67 | -0.0042 |
| Luxembourg | 304 | 1.05 | 294 | 0.97 | 310 | 1.00 | 323 | 1.00 | 319 | 1.06 | 327 | 0.95 | 354 | 1.00 | 376 | 1.00 | 401 | 0.98 | 421 | 1.03 | 395 | 1.02 | -26.54 | -0.0093 |
| Malta | 10 | 0.18 | 14 | 0.25 | 14 | 0.23 | 14 | 0.20 | 15 | 0.20 | 15 | 0.17 | 19 | 0.20 | 22 | 0.21 | 28 | 0.25 | 37 | 0.30 | 51 | 0.44 | 14.48 | 0.1343 |
| Netherlands | 4,800 | 0.81 | 4,563 | 0.75 | 4,297 | 0.71 | 4,094 | 0.67 | 4,200 | 0.64 | 5,162 | 0.75 | 4,491 | 0.65 | 4,399 | 0.60 | 4,795 | 0.62 | 4,727 | 0.59 | 4,703 | 0.59 | -24.70 | 0.0056 |
| Poland | 285 | 0.08 | 300 | 0.08 | 328 | 0.09 | 367 | 0.10 | 341 | 0.09 | 397 | 0.10 | 600 | 0.15 | 603 | 0.13 | 649 | 0.14 | 694 | 0.14 | 705 | 0.14 | 10.84 | 0.0007 |
| Portugal | 490 | 0.29 | 509 | 0.31 | 452 | 0.28 | 368 | 0.23 | 324 | 0.19 | 278 | 0.16 | 310 | 0.17 | 338 | 0.18 | 349 | 0.18 | 367 | 0.17 | 338 | 0.17 | -29.06 | -0.0009 |
| Romania | 86 | 0.07 | 118 | 0.09 | 111 | 0.09 | 101 | 0.07 | 161 | 0.11 | 143 | 0.09 | 184 | 0.11 | 195 | 0.11 | 211 | 0.11 | 227 | 0.10 | 268 | 0.13 | 41.05 | 0.0221 |
| Slovak Republic | 56 | 0.09 | 62 | 0.09 | 62 | 0.09 | 65 | 0.09 | 63 | 0.09 | 77 | 0.10 | 96 | 0.12 | 106 | 0.13 | 117 | 0.13 | 103 | 0.11 | 123 | 0.14 | 19.27 | 0.0256 |
| Slovenia | 44 | 0.13 | 45 | 0.13 | 45 | 0.13 | 46 | 0.13 | 46 | 0.12 | 57 | 0.15 | 74 | 0.19 | 67 | 0.16 | 71 | 0.16 | 78 | 0.17 | 79 | 0.17 | 0.36 | 0.0070 |
| Spain | 4,492 | 0.43 | 3,001 | 0.29 | 1,585 | 0.16 | 1,769 | 0.17 | 1,415 | 0.13 | 1,259 | 0.12 | 3,819 | 0.34 | 2,271 | 0.19 | 2,449 | 0.20 | 2,629 | 0.21 | 2,606 | 0.24 | -23.91 | 0.0262 |
| Sweden | 3,423 | 0.97 | 4,030 | 1.02 | 4,077 | 0.97 | 4,389 | 1.01 | 4,698 | 1.09 | 6,391 | 1.40 | 4,425 | 0.94 | 4,935 | 1.02 | 5,085 | 1.07 | 4,650 | 0.96 | 5,571 | 1.14 | 920.70 | 0.1888 |
| United Kingdom | 9,855 | 0.57 | 9,948 | 0.56 | 10,808 | 0.56 | 13,461 | 0.70 | 14,519 | 0.70 | 16,725 | 0.70 | 16,325 | 0.70 | 16,060 | 0.70 | 16,446 | 0.70 | 17,309 | 0.70 | | | | |
| **EU Aggregate** | **53,457** | **0.44** | **52,790** | **0.42** | **50,698** | **0.39** | **53,975** | **0.41** | **57,139** | **0.41** | **66,522** | **0.46** | **74,716** | **0.51** | **74,638** | **0.49** | **74,230** | **0.47** | **76,034** | **0.46** | **64,397** | **0.48** | **-11,637.32** | **0.0213** |
| EU Institutions' ODA not imputed to EU Member States (and the UK) | 3,183 | 0.03 | 3,453 | 0.03 | 4,544 | 0.04 | 2,873 | 0.02 | 2,131 | 0.02 | 1,372 | 0.01 | 2,750 | 0.02 | 1,926 | 0.01 | 627 | 0.00 | -829 | -0.01 | 2,358 | 0.02 | 3,187.30 | 0.0228 |
| **EU Collective** | **56,640** | **0.46** | **56,243** | **0.44** | **55,242** | **0.43** | **56,848** | **0.43** | **59,270** | **0.43** | **67,894** | **0.47** | **77,466** | **0.52** | **76,563** | **0.50** | **74,857** | **0.47** | **75,205** | **0.46** | **66,755** | **0.50** | **-8,450.02** | **0.0441** |

NB: Tugtar figiúirí i sreabha airgid suas go dtí 2017 agus i gcoibhéisí deontais ó 2018. Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2020.

NB: I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh sa tábla seo ná ina fhigiúirí comhiomlána agus comhchoiteanna ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am sin. Go háirithe, áirítear an Ríocht Aontaithe i dtíortha comhchoiteann an Aontais go dtí 2019 agus an bhliain sin san áireamh ach ní áirítear an Ríocht Aontaithe in 2020 toisc gur tharraing sí siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020.

NB: Leis an gcomhartha '-' léirítear nár thuairiscigh an Ballstát ar leith sin aon sonraí ODA don bhliain sin.

Tábla 2: ODA Bhallstát an Aontais do na Tíortha is Lú Forbairt 2017-2019

| Member State | 2017 | | 2018 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | ODA to LDCs (EUR Millions) | LDC ODA/GNI ratio (% of GNI) | ODA to LDCs (EUR Millions) | LDC ODA/GNI ratio (% of GNI) | ODA to LDCs (EUR Millions) | LDC ODA/GNI ratio (% of GNI) |
| Austria | 260.2 | 0.07 | 270.1 | 0.07 | 281.3 | 0.07 |
| Belgium | 576.0 | 0.13 | 630.0 | 0.14 | 647.6 | 0.14 |
| Bulgaria | 11.2 | 0.02 | 11.8 | 0.02 | 10.7 | 0.02 |
| Croatia | 8.6 | 0.02 | 12.9 | 0.03 | 2.9 | 0.01 |
| Cyprus | | | 4.3 | 0.02 | 2.6 | 0.01 |
| Czech Republic | 56.9 | 0.03 | 54.9 | 0.03 | 57.8 | 0.03 |
| Denmark | 646.6 | 0.22 | 615.4 | 0.20 | 703.2 | 0.22 |
| Estonia | 5.8 | 0.03 | 6.6 | 0.03 | 8.2 | 0.03 |
| Finland | 288.3 | 0.13 | 266.1 | 0.11 | 329.2 | 0.14 |
| France | 2,442.2 | 0.10 | 2,872.2 | 0.12 | 2,607.7 | 0.11 |
| Germany | 3,627.5 | 0.11 | 4,199.5 | 0.12 | 3,978.6 | 0.11 |
| Greece | 50.0 | 0.03 | 50.8 | 0.03 | 44.5 | 0.02 |
| Hungary | 25.3 | 0.02 | 57.6 | 0.05 | 58.2 | 0.04 |
| Ireland | 318.6 | 0.14 | 327.1 | 0.13 | 332.9 | 0.12 |
| Italy | 1,029.7 | 0.06 | 1,116.6 | 0.06 | 1,023.6 | 0.06 |
| Latvia | 5.4 | 0.02 | 5.6 | 0.02 | 6.1 | 0.02 |
| Lithuania | 9.6 | 0.02 | 10.4 | 0.02 | 11.3 | 0.02 |
| Luxembourg | 161.3 | 0.43 | 189.4 | 0.46 | 190.4 | 0.47 |
| Malta | 3.2 | 0.03 | 2.3 | 0.02 | 1.7 | 0.01 |
| Netherlands | 926.7 | 0.13 | 1,145.2 | 0.15 | 1,138.0 | 0.14 |
| Poland | 100.2 | 0.02 | 186.7 | 0.04 | 118.7 | 0.02 |
| Portugal | 109.4 | 0.06 | 108.9 | 0.06 | 111.9 | 0.05 |
| Romania | 37.5 | 0.02 | 36.4 | 0.02 | 36.7 | 0.02 |
| Slovak Republic | 19.8 | 0.02 | 21.4 | 0.02 | 18.6 | 0.02 |
| Slovenia | 11.0 | 0.03 | 11.3 | 0.02 | 11.2 | 0.02 |
| Spain | 518.3 | 0.04 | 581.7 | 0.05 | 520.7 | 0.04 |
| Sweden | 1,515.4 | 0.31 | 1,623.4 | 0.34 | 1,577.8 | 0.32 |
| United Kingdom | 5,394.7 | 0.23 | 5,428.9 | 0.23 | 5,153.9 | 0.21 |
| **EU Aggregate ODA to LDCs** | **18,159.5** | **0.12** | **19,847.7** | **0.125** | **18,986.1** | **0.12** |

NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Ríomhtar ODA do na tíortha is lú forbairt trí ODA glan déthaobhach na mBallstát do na tíortha is lú forbairt agus an ODA iltaobhach do na tíortha is lú forbairt a inleagtar ar na Ballstáit a shuimiú agus, ar an gcaoi sin, seachnaítear ODA institiúidí an Aontais do na tíortha is lú forbairt a chomhaireamh faoi dhó.

NB: I gcás gach bliana, cuirtear san áireamh sa tábla seo agus a chuid figiúirí comhiomlána na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am sin. Áirítear, go háirithe, an Ríocht Aontaithe in ODA comhiomlán an Aontais mar go gcríochnaíonn an tréimhse thagartha roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020.